Oide

Naisc Fhóinteacha

Checkpoints | NCETM	Tá seicphointí le hIonad Náisiúnta le haghaidh Barr Feabhais i dTeagasc na Matamaitice ann (National Centre for Excellence in the Teaching of Mathematics [NCETM]) a chuireann gníomhaíochtaí diagnóiseacha ar fáil a d'fhéadfaí a chur in oiriúint chun réamheolas, míthuiscintí, agus bearnaí i dtuiscint scoláirí a shainaithint le linn an aistrithe ó bhunscoil go hiar-bhunscoil agus níos faide anonn sa tSraith Shóisearach.
NRICH	Arna bhforbartha ag Ollscoil Cambridge, ar an suíomh sin tá acmhainní teagaisc matamaitice atá saor in aisce agus a ceapadh chun réiteach fadhbanna, réasúnú, agus tuiscint mhatamaiticiúil níos doimhne a chur chun cinn.
Mathigon	Ardán matamaiticiúil idirghníomhach saor in aisce é Mathigon a chuireann ceachta spéisiúla, tomhais, agus amharc-uirlisí ar fáil chun scileanna réiteach fadhbanna agus tuiscint mhatamaiticiúil na scoláirí a fhorbairt.
Feidhmeanna na Matamaitice – Mathigon	Tá an acmhainn seo ar fáil ar Mathigon agus tugtar samplaí ón bhfíorshaol ar an matamaitic in réimsí amhail an teicneolaíocht, innealtóireacht, airgeadas, agus an eolaíocht, rud a léiríonn an bhaint agus na feidhmeanna praiticiúla atá leis an matamaitic.
Amplify Classroom	Tugann Amplify Classroom (ar a dtugtaí Desmos Classroom tráth) gníomhaíochtaí matamaitice idirghníomhacha saor in aisce a chuireann rannpháirtíocht scoláire, réasúnaíocht mhatamaitice, agus réiteach fadhbanna comhoibríocha chun cinn in éineacht le huirlisí chun monatóireacht a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus tacú léi.
GeoGebra.org	Ardán matamaitice idirghníomhach saor in aisce a thugann uirlisí dinimiciúla agus gníomhaíochtaí chun an gheoiméadracht, an ailgéabar, graif, agus staitisticí a fhiosrú agus a thacaíonn leis an amharcfhoghlaim, réiteach fadhbanna agus tuiscint mhatamaiticiúil.
YouCubed.org	Tugann an suíomh gréasáin seo tascanna matamaitice spéisiúla, amharcghníomhaíochtaí agus smaointe teagaisc a chuireann réasúnaíocht mhatamaiticiúil, réiteach fadbanna, cruthaitheacht, agus meon aigne dearfach i leith na matamaitice chun cinn.
GeoGebra Graphing Calculator	Uirlis idirghníomhach saor in aisce ar líne é an tÁireamhán Grafta le GeoGebra chun coincheapa matamaitice a léirshamhlú agus a fhiosrú. Ligeann sé d'úsáideoirí feidhmeanna a ghrafadh go tapa, sonraí a bhreacadh, cothromóidí a anailísiú, agus triail a bhaint as sleamhnóirí i bhfíorama.
Desmos Graphing Calculator	Uirlis idirghníomhach saor in aisce ar líne é an tÁireamhán Grafta le GeoGebra chun coincheapa matamaitice a léirshamhlú agus a fhiosrú. Ligeann sé d'úsáideoirí feidhmeanna a ghrafadh go tapa, sonraí a bhreacadh, cothromóidí a anailísiú, agus triail a bhaint as sleamhnóirí i bhfíorama.
Scoilnet.ie	Tá go leor acmhainní a chruthaigh an SFGM, SSM, agus na foirne um Project Maths ar fáil anseo.